1 Ní mór gach duaisiarracht, mar aon le táille íontrála agus foirm iontrála, a bheith ag An Riarthóir, Taibhdhearc na Gaillimhe, An tSráid Láir, Gaillimh ar an spriocdháta cuí. Ní ghlacfar le duaisiarracht ar bith má bhíonn an spriocdháta caite.

2 Táille iontrála €50 an t-iarratas.

3 Tig le hiomaitheoirí níos mó ná duaisiarracht amháin a chur isteach ach taille chuí a íoc i leith gach duaisiarrachta.

4 Is ón údáir na scríbhínní amháin a ghlacfar le duaisiarrachtaí agus ní mór don údar féin foirm iarratáis a líonadh agus a shíniú, agus nó mór di nó dó a hainm nó a anim dílis a úsáid ar an bhfoirm iarratais.

5 Ní mór gach iarracht a chlóscríobh agus a imeall orlaigh nó mar sin a fhágáil bán ar thaobh na láimhe clé den script. Ní mór trí chóip de gach iarracht.

6 Ábhar nuascríofa agus de chaothar bona fide an iomaitheora a bhéas i ngach iarracht a chuirfear san iomaíocht. Ní chuirfear san áireamh aon saothar a foilsíodh cheana ná aon dráma a léiriodh cheana. Cuirfear san áireamh, áfach, saothar ar foilsíodh nó ar craoladh cuid bheag de (suas le 33%) in irisí, ar nuachtáin, ar chláir raidio srl.

7 Ní mór ainm cleite a chur ar gach iarratas nach é ainm dílis ná gnáthainm cleite iomaitheora é.

8 Tabharfar aire mhaith do gach scríóbhinn ach níl freagrach ar bith ar Taibhdhearc na Gaillimhe as dochar a dhéanfar d'aon scríbhinn a sheolfar chuici, ná as aon scríobhinn a sheolfar chuici agus a rachas amu.

9 Is le Taibhdhearc na Gaillimhe cóipeanna aon iarratas a bhainfeas duais agus ní sheolfar na cóipeanna sin ar ais chuig an iomaitheoir, ach amháin le hathchóiriú a dheanamh ar an iarracht sula léireofar é.

10 Gabhann Taibhdhearc na Gaillimhe de cheart chuici féin duais a roinnt, gan aon chéad duais ná duais ar bith eile a bhronnadh sa chomórtas, agus fós, gan duais a ligean le hiomaitheoiri a mbaineann aon ní mírialta lena hiomaíocht nó lena iomaíocht.

11 Ní foláir do gach iomaitheoir a dheimhniú ar an bhfoirm chuí nach ndéantar aon chóipcheart a shárú ina (h)iarracht.

12 Ní bheidh aon dul that bhreith Thaibhdhearc na Gaillimhe maidir le brí na rialacha.

13 Ní bheidh aon dul thar bhreith na moltoirí maidir le toradh an chomórtais.

14 Féadfaidh Taibhdhearc na Gaillimhe athrú a chur ar na rialacha seo gan réamhfhógra ar bith a thabhairt. Beidh aon athraithe fógraithe ar an suíomh idirlíona.

15 Ag Taibhdhearc na Gaillimhe amháin a bhéas an cóipcheart ar dhuaisiarrachtaí buacach ar feadh tréimhse 2 bhlian ó bhronnadh an duais.

16 Má thógfar an cinneadh chun an dráma buacach a léiriú ní íocfar aon táille breise leis an údar taobh amuigh de'n duaischiste.

Nuair a fhógrófar toradh an chomórtais roinnfear comhairle na moltóirí maidir leis an saothar.

"Go bunúsach, is eard atá i mo chuid oibre ná aislingí ar pháipéar. Faoi cheann céad bliain, léifidh daoine iad agus déarfaidh siad:
'Is mar seo a mhair daoine'.
Bháitéar Ó Maicín

Ní raibh Bháitéar Ó Maicín ach ina ógánach nuair a thrasnaigh sé táirseach Thaibhdhearc na Gaillimhe den chéaduair i 1932. Ina hóige a bhí Amharclann Náisiúnta na Gaeilge ag an am freisin agus bhí Ó Maicín i measc na gceannródaithe i bhforbairt na hamharclainne.
D'éalaigh sé féin agus Peggy Kenny – iníon le Tom Cork Kenny, bunaitheoir an Connaught Tribune – go Londain i 1937, áit ar phós siad faoi rún. D'fhill sé ar Ghaillimh dhá bhliain níos deireanaí agus thosaigh sé ag obair mar bhainisteoir agus léiritheoir ar Thaibhdhearc na Gaillimhe, ról a bheadh aige ar feadh naoi mbliana.
Tógadh Ó Maicín i Sráid Anraí, timpeall an chúinne ó láthair na Taibhdheirce ar an tSráid Láir, agus bhí tuiscint ar leith aige ar mhuintir na háite. Ceantar fíorbhocht a bhí ann ag an am, rud a thuig Ó Maicín go maith. Ní raibh mórán aige féin ina óige agus thóg sé inspioráid ó na plódtithe mórthimpeall ar an amharclann i gcuid mhór den chéad saothar a rinne sé, go háirithe Mungo's Mansion agus Vacant Possession.
Ar na drámaí eile leis a léiríodh sa Taibhdhearc tá: Caithréim Sclábhaí, An Fear Ón Spidéal agus Oidhreacht na Mara.
Scríobhneoir bisiúil agus scríobhneoir ar leith a bhí ann agus tá tóir fós ar a chuid oibre. Tá áit ar leith bainte amach ag saothar Bháitéar Ó Mhaicín, i mBéarla agus i nGaeilge, i gcroíthe mhuintir na hÉireann. Léirigh sé 76 dráma, 6 gheamaireacht agus mórán seónna grinn le Taibhdhearc na Gaillimhe sula ndeachaigh sé léis an scríobhneoireacht go lánaimseartha.

Taibhdhearc na Gaillime
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge

Taibhdhearc na Gaillime
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge

Gradam Cuimhneacháin

Bháitéir Uí Mhaicín
1915 – 1967

Comórtas Scripte

Sparántacht
Dráma Fada
€7,500

Gearrdhráma
€1000

An Taibhdhearc:
Ag tacú leis an gceird

Taibhdhearc na Gaillimhe
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge

Gradam Cuimhneacháin

Foirm Iontrála

Tá Taibhdhearc na Gaillimhe bródúil an gradam Náisiúnta seo, Gradam Chuimhneacháin Bháitéir Uí Mhaicín, a fhógairt chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá i mbun pinn don stáitse faoi láthair agus chun spreagadh a thabhairt dóibh siúd a bhfuil ag smaoineamh faoi dul i mbun an scríobhneoireacht amach anseo.

Is cinnte go bhfuil scríobhneoirí ann a bhfuil ar a gcumas drámaí nua d'árdchaighdeán a scríobh i nGaeilge agus is cinnte freisin go bhfuil an lucht féachana ann chun freastal ar dhrámaí a bhfuil scrite ar árdchaighdeán.

Le duais chiste de €7,500 chomh maith le €1000 do ghearrdhrámaí is cinnte go spreagfaidh an Gradam seo scríobhneoirí chun pinn. Tá an Gradam seo dírithe ar aitheantas a thabhairt don obair iomráiteach agus an dua mór a chaith Bháitéar Ó Maicín le chuile ghné den amharclann seo – scríobhneoireacht, léiriú, stiúradh agus riaradh, gan trácht ar an obair mhór a rinne sé cúl stáitse. Is cinnte go mbeadh gliondar air agus an líon daoine atá ag plé le ceird na scríobhneoireachta stáitse faoi láthair. Go spreaga sé seo níos mó fós!

Níl sa ghradam seo ach cuid den tacaíocht a bhfuil beartaithe ag An Taibhdhearc chun cabhrú leis an scríobhneoir stáitse. Beidh tógraí corraitheach nua á fhorbairt againn go luath amach anseo. Coinnigh suas linn ar ár suíomh idirlíon www.antaibhdhearc.com

Taibhdhearc na Gaillimhe
Amharclann Náisiúnta na Gaeilge

Bháitéir Uí Mhaicín
1915 - 1967

Tabhdhearc na Gaillimhe
Amharclann Náisiúinta na Gaeilge

2009-2010
Comórtas Scripte
Dráma Fada
agus Gearrdhráma

Spriocdháta d'iarratais
Lá Bealtaine 2010

Fógairt na dTorthaí
Féile Ealaíon 2010

Táille Iontrála
€50 an iarracht
Duais: €7,500
Gradam Cuimhneacháin
Bháitéir Uí Mhaicín

Ag Taibhdhearc na Gaillimhe
a bhéas na cearta léirithe
ar na duaisiarrachtaí buacacha

Teideal na hIarrachta _____

Ainm an Údair _____

Ainm Cleite an Údair _____

Seoladh _____

_____

_____

Guthán baile/soghluaiste _____

R-phost _____

Táille €50 in aghaidh na duaisiarrachta _____

Deimhním go bhfuil na rialacha léite agam agus nach bhfuil sárú ar chóipcheart ná aon rud clúmhillteach ná scannalach san iarracht seo uaim agus téim in urraíocht ar Thaibhdhearc na Gaillimhe, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge, a shlánú ó imeachtaí ar bith, dlí nó eile i leith sárú ar chóipcheart nó aon ní clúmhíllteach nó scannalach a bheith san iarracht seo.

Deimhním freisin nach bhfuil mé faoi chonradh ag léirtheoir/comhlacht léirithe ar bith eile chomh fada agus a bhaineann leis an saothar seo.

Síniú an Údair _____

Dáta _____

Seol an fhoirm seo maraon le trí chóip den scríbhinn agus an táille cuí chuig

An Riarthóir
Gradam Cuimhneacháin
Bháitéir Úi Mhaicín

Taibhdhearc na Gaillimhe
An tSráid Láir
Gaillimh